Uiscebhealaí Éireann
Waterways Ireland Watterweys Airlann

# Na hUiscebhealaí

## Paca Acmhainní do Mhúinteoirí Bunscoile



# Uiscebhealaí na hÉireann



# Fáilte




Is é misean Uiscebhealaí Éireann dícheall a dhéanamh timpeallacht ardchaighdeáin chaithimh aimsire a chur ar fáil ar na huiscebhealaí intíre faoina gcúram, ionas go mbainfidh gach duine úsáid agus leas astu.

Is é an ról atá ag an Rannóg Margaíochta "feasacht a mhéadú agus níos mó úsáide as uiscebhealaí intíre inseolta na hÉireann a chur chun cinn." Chuige sin, cuireadh an Paca Oideachais seo le chéile chun na huiscebhealaí intíre a cheangal leis an timpeallacht foghlama agus le heispéiris foghlama a chruthú atá bríoch, inrochtana, tarraingteach agus spreagthach.

Cuirtear réimse acmhainní agus gníomhaíochtaí ar fáil sa Phaca seo a nascann le Curaclam Bunscoile na hÉireann agus le Curaclam Thuaisceart Éireann. Tá faisnéis ann a bhaineann leis na huiscebhealaí intíre faoi shainchúram Uiscebhealaí Éireann. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as nuair a bhíonn siad ag cur plean ceachta i dtoll a chéile. Tá ceisteanna agus gníomhaíochtaí molta in éineacht leis an bhfaisnéis agus is féidir iad seo a fhótachóipeáil lena n-úsáid sa seomra ranga. Tá tuilleadh gníomhaíochtaí idirghníomhacha le fáil ar shuíomh Ríomhfhoghlama Uiscebhealaí Éireann. Téigh go **www.waterwaysireland.org** chun rochtain a fháil air seo.

Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as baint úsáide as an pacáiste agus go mbeadh an deis compliment do ghníomhaíochtaí le cuairt a thabhairt ar cheann dár n-uiscebhealaí



**Éanna Rowe**
**Ceann Margaíochta agus Cumarsáide**

## Clár Ábhar


### Na hUiscebhealaí

**2** Bunú Uiscebhealaí Éireann
**3** Uiscebhealaí Intíre na hÉireann: Cúlra
**4** Gréasán Topaicí

### Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

**7** Gníomhaíochtaí ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann
**8** Uiscebhealach na Bearú
**11** Córas na hÉirne
**14** An Chanáil Mhór
**17** Uiscebhealach Íochtar na Banna
**20** An Chanáil Ríoga
**23** Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne
**26** Uiscebhealach na Sionainne

### An Oidhreacht Snámha ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

**29** An Oidhreacht Snámha ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

### Loic agus Droichid ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

**32** Loic agus Droichid ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann
**34** Agallamh le Coimeádaí Loic

### Cé mhéad atá ar eolas agat faoi na hUiscebhealaí?

**36** Gníomhaíochtaí
**37** Cuardach Focal na nUiscebhealaí
**38** Bileoga Oibre 1: Abhainn Staidéar
**40** Bileoga Oibre 2: Straidéar Chanáil

### Acmhainní

DVD Uiscebhealaí Éireann
Léarscáil d'Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

## Bunú Uiscebhealaí Éireann

Tá Uiscebhealaí Éireann ar cheann amháin de shé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh-Theas a bunaíodh sa bhliain 1999 faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus faoin Ordú forlíontach um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999. Tá cúram ar Uiscebhealaí Éireann maidir le bainistiú, cothabháil, forbairt agus athchóiriú ar chórais áirithe uiscebhealaigh intíre inseolta ar fud oileán na hÉireann, le haghaidh caitheamh aimsire den chuid is mó. Tá freagracht orthu as na córais seo a leanas:

- Uiscebhealach na Bearú;
- Córas na hÉirne;
- An Chanáil Mhór;
- Uiscebhealach Íochtar na Banna;
- An Chanáil Ríoga;
- Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne;
- Uiscebhealach na Sionainne; agus
- Ina theannta sin, tá siad freagrach as athchóiriú Chanáil Uladh idir Loch Éirne agus Cluain Eois.

Go bunúsach, tá freagracht ar Uiscebhealaí Éireann as na feidhmeanna a bhí á bhfeidhmiú roimhe seo ag Seirbhís Uiscebhealaí na hiar-Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán agus as feidhmeanna loingseoireachta Ghníomhaireacht Aibhneacha na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann, i dteannta fheidhmeanna *Shannon-Erne Waterway Promotions Ltd*.

Ó cuireadh ar bun iad, thug Uiscebhealaí Éireann faoi réimse fairsing tionscadal agus gníomhaíochtaí agus thug siad chun críche iad. Cuireadh anrud infheistíochta sa bhonneagar feadh ghréasán na n-uiscebhealaí, lenar áiríodh soláthar múrálacha nua, uasghrádú lamairní le múrálacha ar snámh, soláthar bloc seirbhíse agus clár leanúnach cothabhála.

I gcomhar leis an ngníomhaireacht turasóireachta, Fáilte Éireann, tá Uiscebhealaí Éireann i gcomhcheannas ar straitéis mhargaíochta intíre agus idirnáisiúnta chun Ceantar na Lochanna agus na hUiscebhealaí Intíre a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo an turasóireacht a mhéadú sa chonair uisce idir Béal Leice agus Luimneach atá 60km ar leithead. Tá Forbairt Shionainne, Turasóireacht Éireann, Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus Ceantar Lochanna Fhear Manach ina gcomhpháirtithe sa tionscadal seo leis.

Críochnaíodh athchóiriú phríomhlíne na Canálach Ríoga in 2010, cóir a bheith 40 bliain i ndiaidh di druidim. Rinneadh ceiliúradh ar an ócáid seo ag searmanas an 1 Deireadh Fómhair 2010 i gCluain Dá Ráth i gContae an Longfoirt. Mar gheall ar chríochnú an tionscadail seo, athosclaíodh 146km d'uiscebhealach idir Baile Átha Cliath agus an tSionainn agus soláthraíodh an chuid dheireanach de lúb 350km a nascann an Chanáil Mhór, an Chanáil Ríoga agus Uiscebhealach na Sionainne. Tá pleananna á gcur le chéile faoi láthair chun tús a chur le hathchóiriú Chanáil Uladh idir Loch Éirne agus Cluain Eois. Tá an stráice seo den chanáil 13km ar fad.



Cadhcáil ar an tSionainn

## Uiscebhealaí Intíre na hÉireann
## Cúlra

Tá an dúrud uiscebhealaí – aibhneacha, lochanna agus canálacha – in Éirinn. Tugann siad deis gan sárú an t-oileán a fheiceáil ó éagsúlacht peirspictíochtaí. Gabhann stair agus cúlra suntasach súgánach leis na sócmhainní nádúrtha agus saorga arb uiscebhealaí na hÉireann iad. Cé gur múnlaíodh aibhneacha agus lochanna na hÉireann le linn na hoighearaoise deireanaí, cuireadh tús le tógáil na chéad chanála, Canáil an Iúir, sa bhliain 1731. Tógadh gréasáin úra de chanálacha, de lochanna agus d'aibhneacha sna 130 bliain ina dhiaidh sin. Nascadh an tír ón oirthear anoir agus ón tuaisceart aduaidh. Tógadh na gréasáin le haghaidh cúiseanna tráchtála go príomha, ach mar thoradh ar theacht chun cinn na ngréasán iarnróid agus na mórfheithiclí bóthair agus bonneagair bhóthair ní b'fhearr ina dhiaidh sin, tháinig meath seasta ar na huiscebhealaí mar fhiontair thráchtála.

Faoin am a bhí an 1950idí ann, ba bheag go raibh deireadh le trácht tráchtála ar na huiscebhealaí. Bunaíodh Cumann Uiscebhealaí Intíre na hÉireann (IWAI) sa bhliain 1954. Ó shin i leith, d'éirigh leo na huiscebhealaí a choinneáil de thairbhe feachtais éagsúla. Sa bhliain 1974, cuireadh Grúpa Cosanta Conláistí na Canálach Ríoga (RCAG) ar bun chun forbairt ar lánchumas conláiste na Canálach Ríoga i gContae Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn agus chun a bheith páirteach san fhorbairt sin. Chuaigh an grúpa i méid ina dhiaidh sin agus bunaíodh brainsí feadh líne na Canálach Ríoga.

Le rith Acht na gCanálacha i lár na 1980idí sa Deisceart, aistríodh an fhreagracht as na canálacha ó Chóras Iompair Éireann (CIÉ) go hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW). Glacadh céimeanna ar an toirt chun na huiscebhealaí a riar mar áiseanna caitheamh aimsire, agus ní mar uiscebhealaí amháin. Ghlac OPW leis an mbeartas céanna maidir leis na huiscebhealaí



Cúrsáil ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

eile faoina sainchúram, i.e. Uiscebhealaí na Sionainne agus na Bearú. I dTuaisceart Éireann, bhí an Roinn Talmhaíochta freagrach as na huiscebhealaí. Sa bhliain 1990, chuir an Roinn áirithe sin, i gcomhar le OPW, tús le hathchóiriú Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Cuireadh an tionscadal trasteorann sin i gcrích sa bhliain 1993.


Faoi 1996, aistríodh an fhreagracht as na huiscebhealaí ó OPW chuig an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta – an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán ina dhiaidh sin.

Chonacthas tús úr i stair uiscebhealaí intíre an oileáin sa bhliain 1999 nuair a aistríodh timpeall 1,000km d'uiscebhealaí inseolta intíre chuig Uiscebhealaí Éireann.



## Gréasán Topaicí

Cuireann an Gréasán Topaicí a leanas in iúl an chaoi ar féidir uiscebhealaí intíre na hÉireann a chomhcheangal le pleananna ceachta i gcuraclam bunscoile na hÉireann agus i gcuraclam bunscoile Thuaisceart Éireann.



## Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE)/ An Domhan Mórthimpeall Orainn

### Tíreolaíocht:

- An comhshaol nádúrtha áitiúil – féach ar na gnéithe fisiciúla uiscebhealaigh, déan eispéiris a thaifeadadh agus a chur in iúl agus déan breathnú
- Daoine ina gcónaí agus i mbun oibre i dtimpeallacht nádúrtha – cuir i gcomparáid agus cuir i gcodarsnacht, e.g. turasóireacht, talmhaíocht, tionsclaíocht, seirbhísí, etc.
- Lonnaíochtaí feadh na n-uiscebhealaí – bailte a tógadh gar do na huiscebhealaí, timpeallacht thógtha, e.g. foirgnimh agus a gcuid úsáidí, tógáil loc agus droichead
- Feasacht chomhshaoil – déan plé ar an dóigh a bhféadfadh tionchar dearfach nó tionchar diúltach bheith ag gníomhaíochtaí daoine ar do chomhshaol áitiúil
- Gluaiseacht agus fuinneamh – an éifeacht a bhíonn ag tubaiste nádúrtha/ fíor-dhrochaimsir ar shaol daoine a bhfuil cónaí orthu gar d'uiscebhealach, e.g. tuile

### Stair:

- Leanúnachas agus athruithe le himeacht ama – amlínte, cuir láthair áitiúil uiscebhealaigh faoi mar atá sé sa lá atá inniu ann i gcomparáid leis an dóigh a mbíodh sí san am atá thart
- Scéalta – éist le muintir na háite ag insint scéalta faoi na huiscebhealaí san am atá thart
- An saol, an tsochaí, an obair agus an cultúr san am atá thart – na huiscebhealaí tráth ré na tionsclaíochta, fóillíocht agus caitheamh aimsire, scéalta faoi dhaoine ón am atá thart
- Staidéar áitiúil – foirgnimh, suíomhanna nó fothracha feadh na n-uiscebhealaí. Mo dhúiche i rith na staire – imeachtaí tábhachtacha feadh na n-uiscebhealaí i do dhúiche
- Réanna athruithe agus coimhlinte – ar na huiscebhealaí, lonnaíochtaí, an lucht trádála ar na huiscebhealaí
- Idirspleáchas – conas a chuaigh daoine i ngleic lena dtimpeallacht le haghaidh cuspóirí iompair agus cumarsáide san am atá thart

### Eolaíocht:

- Fuinneamh agus fórsaí – na huiscebhealaí mar fhoinse fuinnimh
- Feasacht chomhshaoil – idirghaolmhaireacht, e.g. uiscebhealaí agus daoine. Úsáid a bhaint as na huiscebhealaí le haghaidh gníomhaíochtaí fóillíochta
- Eolaíocht agus an timpeallacht – imscrúdaigh gnéithe de ghníomhaíochtaí daoine a bhféadfadh dea-thionchar nó drochthionchar bheith acu ar thimpeallacht an uiscebhealaigh
- Áit – conas a bhraitheann daoine, plandaí agus ainmhithe ar na gnéithe agus ar na hábhair in áiteanna



Curachóireacht ar an tSionainn

## Teanga/Teanga agus Litearthacht

### Gaeilge:

- Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch trí theanga – scríbhneoireacht chruthaitheach, e.g. tuairiscí, ailt, agallaimh
- Cumas cognaíoch a fhorbairt trí theanga – soiléiriú tríd an scríbhneoireacht
- Caint agus éisteacht – plé sa seomra ranga agus láithreoireachtaí a bhaineann leis na huiscebhealaí intíre
- Léitheoireacht – faisnéis a aimsiú, a roghnú, a mheas agus a chur in iúl
- Scríbhneoireacht – smaointe agus tuairimí a chur in iúl i scríbhneoireacht shamhlaíoch fhíriciúil

## Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE)/ Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- Mé féin agus an domhan mór – feasacht ar na huiscebhealaí agus cúram dóibh, eolas ar conas a bhaintear úsáid as na huiscebhealaí agus ar na tairbhí a bhaineann leo don gheilleagar, e.g. turasóireacht, féilte cois uisce, etc.
- Mé féin agus daoine eile – mo chairde agus daoine eile, cinntí a dhéanamh, e.g. turas a bheartú ar na huiscebhealaí, dualgais a shannadh go cothrom don ghrúpa, úsáid shábháilte as na huiscebhealaí a chleachtadh, loga den turas a chur i dtaifead, gníomhaíochtaí uiscebhealaigh ina gcuid de nós folláin maireachtála, e.g. snámh, cadhcáil, siúl, etc.
- Comhthuiscint sa phobal áitiúil agus sa phobal níos forleithne – feasacht agus imní faoi thimpeallacht d'uiscebhealaigh

## Matamaitic agus Uimhearthacht

- Réiteach fadhbanna – e.g. ríomh cé mhéad aonad cárta chliste a bheadh de dhíth chun dul trí na loic ar fad ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne, cé mhéad droichead atá ann, cé mhéad ciliméadair d'uiscebhealach atá faoi bhainistiú Uiscebhealaí Éireann, cuir fad uiscebhealaigh amháin le ceann eile
- Cinnteoireacht, e.g. meastachán stuama a dhéanamh maidir leis an gcineál cárta chliste a bheadh ag teastáil faoi choinne turais ar uiscebhealach
- Tomhas, e.g. meastachán ar fhad turais agus ar an am a ghlacfaidh sé é a sheoladh
- Airgeadas, e.g. buiséad a leagan síos faoi choinne turais ar na huiscebhealaí
- Tuiscint agus meabhrú – fíricí i leith na n-uiscebhealaí



# Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

Is gné thábhachtach dár dtírdhreach iad na haibhneacha. Thóg daoine a mbailte gar d'aibhneacha riamh anuas, áit a mbeidís ábalta uisce úr, bia agus rochtain éasca ar iompar a fháil. Le himeacht aimsire, tháinig fás faoi lonnaíochtaí móra agus tá tromlach na gcathracha móra sa domhan sa lá atá inniu ann suite in aice le haibhneacha. Tá móramh na gcathracha agus na mbailte móra in Éirinn suite ar bhruacha aibhneacha. Mar shampla, tá Baile Átha Cliath ar an Life agus tá Luimneach ar an tSionainn.

Tógann aibhneacha an t-uisce dromchla ón talamh agus téann siad chun leasa don talmhaíocht. Tagann a lán iasc a ithimid ón bhfarraige, ach faightear éisc fionnuisce fearacht liúis agus péirse in aibhneacha, i lochanna agus i gcanálacha. San am atá thart, baineadh sochar as uiscebhealaí intíre na hÉireann chun earraí a iompar. Sa lá atá inniu ann, baintear tairbhe astu le haghaidh mórán gníomhaíochtaí caitheamh aimsire dála seoltóireachta, cadhcála, cúrsála, slatiascaireachta agus uiscespórt. Tagann a lán turasóirí go hÉirinn gach bliain le sult a bhaint as na huiscebhealaí den scoth atá againn.

## Gníomhaíocht


1. Liostaigh dhá chúis a shocraíonn daoine síos in aice le haibhneacha.
2. Conas a théann aibhneacha chun leasa don talmhaíocht?
3. Is goirt é an t-uisce sa mhuir. Cén cineál uisce a fhaightear sna haibhneacha?
4. Bain úsáid as atlas le hainmneacha na n-aibhneacha nó na gcanálacha a aimsiú atá in aice leis na cathracha agus na bailte seo a leanas:
   - Luimneach
   - Cheatharlach
   - Inis Ceithleann
   - An Muileann gCearr
   - Tulach Mhór
   - Cúil Raithin
5. Foinsí cumhachtacha fuinnimh iad na haibhneacha agus rialaíodh an chumhacht seo i gcorrchás chun leictreachas a ghiniúint. Sampla de seo in Éirinn ná Stáisiún Cumhachta Ard na Croise ar an tSionainn agus Stáisiún Cumhachta Bhéal Átha Seanaidh ar an Éirne. Téigh in éineacht le páirtí nó téigh i ngrúpaí beaga chuig an leabharlann scoile nó bain leas as ciclipéid nó as an Idirlíon chun níos mó eolais a fháil faoi conas a ghintear leictreachas in Ard na Croise nó i mBéal Átha Seanaidh trí chumhacht na huisce. Roinn do chuid torthaí leis an rang.
6. Bain úsáid as bileog bhán chun íomhá de dhaoine ag baint suilt as uiscebhealaí intíre na hÉireann a líniú nó a phéinteáil.


Úsáideoirí uiscebhealaigh ag baint sult as ár n-uiscebhealaí


# Uiscebhealach na **Bearú**

Lúbann an Bhearú trí ghleann faoi chrainn agus nascann sí uisce gan súilíní na Canálach Móire le huiscí taoide Inbhear na Bearú.



Loc Chlais Ghainimh ar Uiscebhealach na Bearú



## Stair Uiscebhealach na Bearú


Tá tús leis an scéal i dtaobh an uiscebhealaigh go luath san 18ú haois. Lúb do bhealach tríd an amlíne thíos chun níos mó eolais a fháil.

**Tús**

**1709**
Measadh go gcosnódh sé £3,000 chun an Bhearú a dhéanamh inseolta ó Bhaile Átha Í chun na farraige.



**1761**
Tosaíodh an obair in Carriglead agus leanadh ar aghaidh léi trí na 1760idí agus na 1770idí idir Tigh Moling agus Gráig na Manach.




**1783**
Críochnaíodh an obair suas an abhainn a fhad le Clais Ghainimh.



**1790**
Corpraíodh Cuideachta Uiscebhealach na Bearú (Barrow Navigation Company). Leanadh den obair faoi stiúir William Chapman agus críochnaíodh an chuid idir Tigh Moling agus Baile Átha Í an bhliain sin. Iompraíodh 16,000 tonna san iomlán.

**1800 to 1830**
Le linn na luathbhlianta den 19ú haois, bhí deacrachtaí airgeadais ag Cuideachta Uiscebhealach na Bearú. Tháinig méadú ar chúrsaí trádála go beagnach 60,000 tonna faoin mbliain 1830, áfach.

**1845**
D'ardaigh an tonnáiste aníos go 88,000 tonna agus é sin roinnte go cothrom idir trácht suas an abhainn agus síos an abhainn. B'ionann leath den iomlán agus lastais arbhair, mine, braiche agus plúr.



**1894**
Cheannaigh Cuideachta Chanáil Laighean Cuideachta Uiscebhealach na Bearú amach ar £32,500.

**1922**
Tuairiscí ar mhoilleanna minice mar thoradh ar lochtanna san uiscebhealach agus ar uisceleibhéil ísle sa samhradh.


**1950**
Aistríodh an fhreagracht uiscebhealaigh chuig Córas Iompair Éireann (CIÉ).

**1959**
Tarraingíonn CIÉ trádáil tráchtála siar.

**1986**
Aistríodh an fhreagracht uiscebhealaigh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

**1996**
Aistríodh na huiscebhealaí intíre faoi rialú OPW chuig Seirbhís Uiscebhealaí na Roinne Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta agus Oileán agus chruthaigh sé seo cuid de Dhúchas – An tSeirbhís Oidhreachta.

**1999**
Cuireadh bun faoi Uiscebhealaí Éireann agus bhí Uiscebhealach na Bearú ar cheann de na córais uiscebhealaigh intíre a leagadh faoina sainchúram. Baintear úsáid as an uiscebhealach le haghaidh caitheamh aimsire den chuid is mó sa lá atá inniu ann.



**Deireadh**

## Traidhfil Fírici:

# Uiscebhealach na Bearú

- Is é an Bhearú an dara habhainnchóras is mó in Éirinn. Tá sé 192km ar fad.
- Tá foinse na habhann ar Shliabh Bhladhma.
- Tosaíonn Uiscebhealach na Bearú i mBaile Átha Í i gContae Chill Dara agus críochnaíonn sé i dTigh Moling i gContae Cheatharlach.
- Tá an t-uiscebhealach idir Baile Átha Í agus Tigh Moling 65km ar fad.
- Tá 23 loc ar Uiscebhealach na Bearú.
- Oibrítear na loic ar fad ar Uiscebhealach na Bearú de láimh trí úsáid a bhaint as eochair loic. Is féidir glao gutháin a chur ar na Coimeádaithe Loic má theastaíonn cúnamh ó úsáideoirí.
- Is é Droichead Cheatharlach an droichead is ísle ar an uiscebhealach.
- Tá clú ar an gcuid sin den abhainn idir an Droichead Nua agus Gráig na Manach mar gheall ar na bric rua atá inti.
- Seanmhuilte traidisiúnta iad cuid mhór de na foirgnimh a fhaightear feadh na Bearú a bhraith ar Uiscebhealach na Bearú agus ar an gCanáil Mhór le plúr a chur go Baile Átha Cliath san am a chuaigh thart.

## Gníomhaíocht

Agus tú i mbun oibre mar staraí, déan roinnt taighde ar na muilte traidisiúnta feadh na Bearú. Scríobh scéal an mhuilinn trí leas a bhaint as an bhfaisnéis a fhaigheann tú.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Cérbh é an costas measta chun an Bhearú a dhéanamh inseolta ó Bhaile Átha Í chun na farraige?
2. Cérbh é an figiúr tonnáiste i gcomhair lasta in 1845 a luadh agus cén cineál lasta a bhí á iompar an t-am úd?
3. Cé mhéad a d'íoc Cuideachta Chanáil Laighean chun Cuideachta Uiscebhealach na Bearú a cheannach amach sa bhliain 1894?
4. Cén bhliain inar tharraing CIÉ trádáil tráchtála siar?
5. Ainmnigh an eagraíocht a rinne bainistíocht ar Uiscebhealach na Bearú ón mbliain 1999 amach.



# Córas na hÉirne

Is álainn le cuairteoirí fairsinge Loch Éirne Uachtair agus Loch Éirne Íochtair. Faightear mórán oileán anseo mar aon le meascán ar leith de shuaimhneas sciamhach gan mhilleadh agus de dheiseanna ilchineálacha caitheamh aimsire.






An ghrian ag dul faoi ar Loch Éirne Íochtair


## Stair Chóras na hÉirne

Tosaíonn an scéal i dtaobh Chóras na hÉirne sa naoú haois déag. Scéal é atá ar maos sa stair agus feicfidh tú féin an méid sin faoi mar a lúbann tú do bhealach tríd an amlíne thíos.


**Tús**



**1830idí** – De réir Suirbhéireacht Ordanáis, iompórtáiltear iarann, luaidhe, sclátaí, adhmad agus gual trí Bhéal Átha Seanaidh, tugtar i gcairt iad go Béal Leice agus ar aghaidh go hInis Ceithleann i gcoití agus i mbáid.




**1830idí /40idí** – Bhíodh deacracht mhór tuile ar na lochanna.



**1840idí /1850idí** – Bhíodh na mórbháid ghaile ag feidhmiú ar Loch Éirne – ‘The Countess of Milan’. Reáchtáladh ‘The Countess of Erne’, an ‘Belturbert’ agus ‘Knockninny’ turais phaisinéara.

**1887** – Íslíodh uisceleibhéil an locha timpeall 1.5 méadar de dheasca na scéime draenála.

**1925** – Aistríodh an fhreagracht as cúrsaí draenála ón mBord Siltin chuig an gComhairle Contae.



**1940idí** – Baineadh úsáid as Caisleán Archdale, Loch Éirne Íochtair, mar bhunáit faoi choinne na Catalinas (báid aeir) i rith an Dara Cogadh Domhanda. Rialaíodh na huisceleibhéil ar Loch Éirne Íochtair leis an uisce a choinneáil ard go leor i gcomhair na mbád aeir.


**1950** – Baineadh bualchomhlaí i mBéal Leice. Bunaíodh struchtúr úr rialúcháin – bualchomhlaí – ag Port Abhla, Inis Ceithleann le cosc a chur ar leibhéal Loch Éirne Uachtair titim faoi bhun 150 troigh d’fhonn leasanna loingseoireachta agus bádóireachta a chosaint.

**1956** – Tógadh agus cuireadh chun feidhme damba agus stáisiún cumhachta hidrileictrí nua i mBéal Átha Seanaidh. Tiontaíodh an t-uisce a draenáladh ón Éirne go leictreachas le haghaidh Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB) sa Deisceart.

**1970idí** – Bhí an Ghníomhaireacht Aibhneacha, a bhí ag gníomhú thar ceann na Roinne Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, freagrach as bainistiú Chóras na hÉirne.

**1999** – Leagadh an fhreagracht as cúrsaí loingseoireachta ar Chóras na hÉirne ar Uiscebhealaí Éireann.

**Deireadh**



## Traidhfil Fírici: Córas na hÉirne

- Is inseolta an Éirne idir Béal Tairbirt i gContae an Chabháin agus Béal Leice i gContae Fhear Manach.
- Tá an t-uiscebhealach idir Béal Tairbirt agus Béal Leice 84km ar fad.
- Buaileann an Éirne le Loch Éirne Uachtair ó thuaidh ó Bhéal Tairbirt agus tugann sí aghaidh ar bhaile oileáin Inis Ceithleann i gContae Fhear Manach.
- Ritheann Loch Éirne Íochtair siar ó Inis Ceithleann i dtreo Bhéal Leice i gContae Fhear Manach.
- Is é Loc Phort Abhla an t-aon loc ar an Éirne.
- Bíonn an loc ar oscailt i rith an ama mura dtiteann leibhéal na habhann faoi bhun na leibhéal a mholtar don samhradh. Sa chás seo, oibríonn an Ghníomhaireacht Aibhneacha an loc de láimh.
- Ba iad na Lochlannaigh an t-aon drong a bhain úsáid as an Éirne le haghaidh na trádála.
- Oileáin atá sa chúigiú cuid d'achar Loch Éirne Uachtair.

## Gníomhaíocht

Agus tú i mbun oibre mar staraí, déan roinnt taighde ar conas a bhain na Lochlannaigh leas as Córas na hÉirne. Cuir do chuid torthaí faoi bhráid an ranga.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Conas agus cathain a tosaíodh scéal Chóras na hÉirne?
2. Ainmnigh na mórbháid ghaile a d'fheidhmítí ar Loch Éirne sna 1840/50idí.
3. Cén bhliain inar íslíodh uisceleibhéil an locha agus an mó ísliú a bhí i gceist?
4. Cén úsáid a baineadh as Caisleán Archdale mar bhunáit i rith an Dara Cogadh Domhanda?
5. Ainmnigh an eagraíocht atá freagrach as bainistiú Chóras na hÉirne sa lá atá inniu ann.







Droichead ar an gCanáil Mhór

# An Chanáil **Mhór**

Trasnaíonn an Chanáil Mhór Cúige Laighean ó Bhaile Átha Cliath go dtí an tSionainn mhórga i gContae Uíbh Fhailí. Ceanglaíonn caológ an chanáil le hUiscebhealach álainn na Bearú. Tá flúirse iascaireacht, dúlra agus fiadhúlra iontach le fáil feadh na canála.



## Stair na Canálach Móire

Tosaíonn an scéal i dtaobh na Canálach Móire san ochtú haois déag. Scéal é atá ar maos sa stair agus feicfidh tú féin an méid sin faoi mar a lúbann tú do bhealach tríd an amlíne thíos.

**Tús**

**1756** Tosaíodh an obair ar scéim na Canálach Móire.

**1763** Thuairiscigh Thomas Omer, innealtóir, gur tochlaíodh trí loc agus 10 míle canála ó Chluain Dolcáin siar.

**1773** Leag Iarla Harcourt cloch bhunsraithe an chéad loic. Tosaíodh an obair ar na codanna sa chathair.

**1779** Osclaíodh an chanáil don trácht sna Solláin agus thosaigh na chéad bháid phasáiste ag feidhmiú an bhliain dár gcionn.

**1784** Síneadh seirbhís an bháid phaisinéirí a fhad le Baile Riobaird.

**1785** Críochnaíodh Líne na Bearú a fhad le Mainistir Eimhín.

**1789** Chríochnaigh Cuideachta Canála Chill Dara (Kildare Canal Company) craobhchanáil a fhad leis an Nás.

**1790** Tionscnaíodh obair ar an gCuarlíne agus cuireadh i gcrích í a fhad le Portobello.

**1791** Cuireadh Líne na Bearú go Baile Átha Í i gcrích.

**1796** Cuireadh Dugaí na Rinne i gcrích.

**1797** Cuireadh an Phríomhlíne go dtí an Daingean (Baile Philib) i gcrích.

**1798** Cuireadh an Phríomhlíne go dtí Tulach Mhór i gcrích.

**1803** Cuireadh an chanáil i gcrích a fhad leis an tSionainn ach chuir fadhbanna uiscedhíonachta moill ar an oscailt.

**1804** Chuaigh an chéad bhád trádála tríd an gcanáil ón tSionainn.

**1810** Críochnaíodh Craobh an Náis a fhad leis an gCorrbhaile.

**1828** Osclaíodh Craobh Bhéal Átha na Sluaighe don trácht.

**1831** Osclaíodh Craobh Mhóinteach Mílic don trácht.

**1834** Cuireadh tús leis na mearbháid ghasta.

**1835** Osclaíodh Craobh Chill Bheagáin don trácht.

**1852** Tarraingíodh an bád deireanach paisinéirí siar.

**1960** Tharraing Córas Iompair Éireann (CIÉ) na báid trádála siar.

**1974** Druideadh Cuan Shráid San Séamas i dtaca le cúrsaí loingseoireachta.


**1986** Aistríodh córas na Canálach Móire chuig Oifig na nOibreacha Poiblí.

**1987** Athosclaíodh Brainse an Náis go Cuan an Náis.

**1996** Aistríodh córas na Canálach Móire chuig an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

**1999** Cuireadh bun faoi Uiscebhealaí Éireann agus bhí an Chanáil Mhór ar cheann de na córais uiscebhealaigh intíre a leagadh faoina sainchúram. Baintear úsáid as an uiscebhealach le haghaidh caitheamh aimsire den chuid is mó sa lá atá inniu ann.

**Deireadh**





# Oscail amach é i gcomhhair Amlíne na Canálach Móire

## Traidhfil Fírici:

## An Chanáil Mhór

- Tá an Chanáil Mhór ar cheann de mhóréachtaí innealtóireachta na hÉireann.
- Dúshlán millteanach mór ba ea tógáil na canála siocair gur tógadh cuid mhór di trí phortach.
- Bhí an chanáil ríthábhachtach i dtaca le cúrsaí tionsclaíochta san 18ú haois. Tá sé chomh tábhachtach céanna sa lá atá inniu ann faoi choinne gníomhaíochtaí fóillíochta.
- Chuaigh an chéad bhád ó thús deireadh na canála idir Caladh na Sionainne i gContae Uíbh Fhailí agus Baile Átha Cliath sa bhliain 1804.
- Tá an Phríomhlíne 131km ar fad ó Bhaile Átha Cliath san oirthear agus Caladh na Sionainne san iarthar.
- Tá 43 loc ar an bPríomhlíne.
- Téann Líne na Bearú ó dheas ó mhullach na Canálach Móire i mBaile Ló i gContae Chill Dara chun dul isteach sa Bhearú i mBaile Átha Í i gContae Chill Dara.
- Tá Líne na Bearú 45km ar fad agus tá 9 loc uirthi.
- Is féidir taisteal ar Chraobh an Náis a fhad le Cuan an Náis. Tá an stráice seo 4km ar fad agus tá 5 loc air.
- Oibrítear na loic ar fad ar an gCanáil Mhór de láimh trí úsáid a bhaint as eochair loic. Is féidir glao gutháin a chur ar na Coimeádaithe Loic má bhíonn cúnamh ag teastáil.
- Cuireadh stoc ar ais ar stráicí móra uisce le cuid de na hiascaigh is fearr aithne san Eoraip a chruthú.
- Cuireadh seastáin a dearadh go speisialta in airde ag roinnt láithreacha feadh na canála. Tugann siad seo rochtain do shlatiascairí faoi mhíchumas.
- Síneann an Chanáil Mhór, atá ina Slí Shlímharcáilte Náisiúnta, ar feadh fhad iomlán Phríomhlíne na canála. Cruthaíonn sé seo slí fhoirfe do shiúlóirí dul ón gcathair go dtí an tuath nó a mhalairt.



## Gníomhaíocht

Agus tú i mbun oibre mar staraí, déan roinnt taighde ar conas a baineadh úsáid as an gCanáil Mhór i gcúrsaí tionsclaíochta san am atá thart. Cuir do chuid torthaí faoi bhráid an ranga.

## Tráth na gCeisteanna!


1. Cén bhliain inar tosaíodh an obair ar an gCanáil Mhór?
2. Cé a leag cloch bhunsraithe an chéad loic agus cathain a tharla sé?
3. Cén bhliain ina ndeachaigh an chéad bhád trádála tríd an gcanáil ón tSionainn?
4. Cén gníomh a rinne Córas Iompair Éireann i 1960?
5. Ainmnigh an eagraíocht atá freagrach as bainistiú na Canálach Móire ón mbliain 1999 amach.

# Uiscebhealach Íochtar na Banna




Tá an Bhanna inseolta idir an fharraige agus Loch nEathach. Baineann daoine ar bháid chúrsála, slatiascairí, curachóirí, sciálaithe uisce agus daoine eile an-taitneamh aisti. Cinntíonn an criosú gur féidir tabhairt faoi na gníomhaíochtaí uile go sábháilte.

- Múráil
- Cúrsóirí/Báirsí ar Cíos
- Báid Lae ar Cíos
- Spórt Uisce
- Curacha/Cadhcanna/Báid Rotha ar Cíos
- Rothair ar Cíos
- Turais Bháid



Droichead Chill Ria ar Uiscebhealach Íochtar na Banna


## Stair Uiscebhealach Íochtar na Banna

Tosaíonn an scéal i dtaobh Uiscebhealach Íochtar na Banna san ochtú haois déag. Scéal é atá ar maos sa stair agus feicfidh tú féin an méid sin faoi mar a lúbann tú do bhealach tríd an amlíne thíos.

**Tús**

**1738**

Mhol Easpag an Dúin agus Chonaire, Francis Hutchinson, do Pharlaimint na hÉireann gur cheart móroitir charraige ag Portna, in aice le Cill Ria a bhaint d'fhonn tuile bhliantúil ar Loch nEathach a laghdú






**1842**

Ritheadh acht speisialta chun a chur ar chumas Bhord na nOibreacha cúrsaí loingseoireachta, cúrsaí draenála agus cumhacht mhuilinn a chur chun feabhais in Abhantrach Loch nEathach.


**1846 to 1856**

Thóg an t-innealtóir John McMahon cúig loc chun loingseoireacht a chruthú feadh na habhann. Bhí na loic suite i dTuaim, in Portna, i Maigh Bheannchair, in Carnroe agus in Eas Craoibhe. Faigheann Eas Craoibhe a ainm mar thoradh ar oitir charraige a bhí le gearradh agus le réabadh ag buncharraig chrua



**1929**

Ghlac an Aireacht Airgeadais an fhreagracht as cúrsaí loingseoireachta agus draenála



**1930idí**

Tógadh trí thacar bualchomhla go luath sna 1930idí chun rith na huisce a rialú ar an abhainn agus chun uisceleibhéal Loch nEathach a rialú.

**1939 to 1945**

Baineadh leas as Íochtar na Banna chun muinisin agus soláthairtí a iompar ó bhunáiteanna traenála agus ó bhunáiteanna deisiúcháin timpeall Loch nEathach i rith an Dara Cogadh Domhanda.


**1960idí**

Bhí Íochtar na Banna i mbaol dúnadh, ach níor tharla sé seo de dheasca feachtais ag Cumann na Banna agus Loch nEathach.

**1999**

Ghlac Uiscebhealaí Éireann an fhreagracht as Uiscebhealach Íochtar na Banna ón nGníomhaireacht Aibhneacha

**Deireadh**



## Traidhfil Fírici:

# Uiscebhealach Íochtar na Banna


- Abhainn chanálaithe í Íochtar na Banna.
- D'fhéadfaí seoladh uirthi ón Barmouth idir Carraig Ceasail agus Trá Phort Stíobhaird go Loch nEathach. (Níl Loch nEathach faoi shainchúram Uiscebhealaí Éireann).
- Tá an Bhanna 60km ar fad.
- Síneann an chuid atá faoi bhainistiú Uiscebhealaí Éireann idir Droichead Thuama agus droichead baile Chúil Raithin agus tá sí 52km ar fad.
- Tá cúig loc ar an uiscebhealach agus is loc dúbailte ceann amháin acu in Portna.
- Tá an chuid idir droichead baile Chúil Raithin agus an Barmouth 8km ar fad agus tá sí faoi bhainistiú Choimisinéirí Cuain Chúil Raithin.
- Tá criosú an uiscebhealaigh i bhfeidhm le cinnte a dhéanamh go bhféadfaí na gníomhaíochtaí uile a dhéanamh go sábháilte, e.g. is Crios d'Fheithiclí Scairdsciála é an Peire Nua-an Loch Beag agus is Crios Ísealscuabtha é an Loch Beag-Droichead Thuama.
- Ba cheart na gníomhaíochtaí cuí a dhéanamh sa chrios ceart. Mar sin de, bheadh Crios Ísealscuabtha fóirsteanach le haghaidh rámhaíochta agus curachóireachta siocair nach gcruthaíonn na gníomhaíochtaí áirithe seo scuabadh ná sruth stiúrach.

## Gníomhaíocht

Déan píosa taighde chun limistéir chriosaithe ar Íochtar na Banna a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Cuir do chuid torthaí faoi bhráid an ranga.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Cé a mhol an oitir charraige a bhaint ag Portna agus cén fáth a ndearnadh an moladh sin?
2. Conas a fuair Eas Craoibhe (the Cutts) a ainm?
3. Cé a ghlac freagracht as cúrsaí loingseoireachta agus draenála sa bhliain 1929?
4. Cén úsáid a baineadh as Íochtar na Banna i rith an Dara Cogadh Domhanda?
5. Ainmnigh an eagraíocht atá freagrach as Uiscebhealach Íochtar na Banna ón mbliain 1999 amach.




# An Chanáil Ríoga

Fearacht na Canálach Móire, nascann an Chanáil Ríoga Baile Átha Cliath leis an tSionainn. Tugadh faoi oibreacha athdheisiúcháin ar an gcanáil le roinnt blianta anuas chun loingseoireacht a éascú. Osclaíodh an stráice idir Cuan Bhaile Uí Bhranagáin agus Caladh Richmond in 2010. Cruthaíonn sé seo loingseoireacht iomlán na Canálach Ríoga idir Baile Átha Cliath agus an Longfort, áit a mbuaileann an chanáil leis an tSionainn.




- Múráil
- Cúrsóirí/Báirsí ar Cíos
- Báid Lae ar Cíos
- Spórt Uisce
- Curacha/Cadhcanna/Báid Rotha ar Cíos
- Rothair ar Cíos
- Turais Bháid



Droichead Bond ar an gCanáil Ríoga

## Stair na Canálach Ríoga

Tosaíonn scéal na loingseoireachta ar an gCanáil Ríoga san 18ú haois. Scéal é atá ar maos sa stair agus feicfidh tú féin an méid sin faoi mar a lúbann tú do bhealach tríd an amlíne thíos.

**Tús**

**1756** – Roghnaigh Coimisinéirí na Loingseoireachta Intíre bealach na Canálacha Móire ab fhaide ó dheas mar an bealach ab oiriúnaí idir Baile Átha Cliath agus an tSionainn.

**1789** – Tugadh cabhair do Chuideachta Chanáil na Midhe (Royal Canal Company) chun canáil a thógáil idir Baile Átha Cliath agus an tSionainn Thuaidh. Cuireadh tús leis an obair an bhliain dár gcionn.

**1796** – Osclaíodh an chanáil a fhad le Cill Choca

**1806** – Críochnaíodh an chanáil a fhad leis an Muileann gCearr

**1807** – Osclaíodh Óstán na Canálach Ríoga i Maigh Bhealaigh

**1809** – Críochnaíodh an chanáil a fhad le Cúil na hÁtha ag ceann thiar an mhullaigh

**1811 to 1813** – Tháinig ardú ar fhiacha na cuideachta go £862,000 in ainneoin deontas rialtais agus iasachtaí £143,856. Rinne an Pharlaimint imscrúdú ar ghnóthaí na cuideachta.

**1817** – Críochnaíodh an chanáil a fhad leis an tSionainn ag Tearmann Bearaigh ar chostas iomlán £1,421,954.

**1818** – Ghlac Cuideachta Chanáil na Midhe nua an chanáil idir lámha agus rinne Bord Rialuithe an Rialtais maoirseacht ar a gcuid gnóthaí.

**1830** – Osclaíodh Craobh an Longfoirt

**1830idí** – Ba é 80,000 tonna an meántonnáiste bliantúil a iompraíodh agus ba iompraíodh 40,000 paisinéir

**1845** – Tháinig Cuideachta Mhórbhóthar Iarainn Lár agus Iarthar Éireann i réim agus bhí pleananna acu an réadmhaoin cois canála a úsáid chun bóthar iarainn a leagan siar.

**1873** – Cuireadh Duga Spencer i gcrích

**1880idí** – Tháinig laghdú ar an meántonnáiste go 30,000 tonna. Tháinig meath ar an úsáid as an gcanáil sna 50-60 bliain ina dhiaidh sin.

**1938** – Aistríodh an úinéireacht chuig Cuideachta Mhór-Bhóthar Iarainn an Deiscirt

**1944** – Aistríodh an úinéireacht chuig Córas Iompair Éireann (CIÉ).

**1951** – Scoir an fo-thrádálaí deireanach, James Leech, as Cill Liúcainne de bheith ag feidhmiú

**1955** – Is í bád Douglas Heard, 'Hark', an bád deireanach a bhfuil taifead oifigiúil uirthi ag dul tríd an gcanáil. Rinne sé scannán den turas

**1961** – Dúnadh an Chanáil Ríoga go hoifigiúil mar áis loingseoireachta

**1974** – Tionscnaíodh feachtas IWAI "Sábháil an Chanáil Ríoga" agus cuireadh Grúpa Cosanta Conláistí na Canálach Ríoga ar bun

**1986** – Aistríodh úinéireacht na canála chuig Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)

**1990** – Athosclaíodh 74km d'uiscebhealach go dtí an 12ú loc sa Mhuileann gCearr

**1996** – Aistríodh úinéireacht na canála chuig an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

**1999** – Aistríodh úinéireacht na canála chuig Uiscebhealaí Éireann

**2010** – Athosclaíodh an Phríomhlíne idir Duga Spencer, Baile Átha Cliath agus an tSionainn

**Deireadh**

# Oscail amach é i gcomhair Amlíne na Canálach Ríoga

## Traidhfil Fírici:

## An Chanáil Ríoga

- Nascann an Chanáil Ríoga an Life i mBaile Átha Cliath leis an tSionainn tríd an gCamlinn sa Longfort.
- Tá Príomhlíne na canála 146km ar fad.
- Tá 46 loc ar an gcanáil agus tá seomra dúbailte i ndeich gcinn acu.
- Oibrítear na loic ar fad ar an gcanáil de láimh trí úsáid a bhaint as eochair loic. Is féidir glao gutháin a chur ar na coimeádaithe loic má bhíonn cúnamh ag teastáil.
- Is é Droichead Iarnróid Chumar na Life an droichead is ísle ar an gcanáil.
- Críochnaíodh an obair thógála ar an gcanáil sa bhliain 1817 nuair a shroich sí Caladh Richmond.
- Bhí anrud gníomhaíochta ar bun ar an gcanáil faoi na 1830idí; tuairiscíodh gur iompraíodh 40,000 paisinéir agus 80,000 tonna earraí ar an meán.
- Dúnadh an Chanáil Ríoga go hoifigiúil i 1961, áfach, agus tháinig drochbhail uirthi.
- Rinneadh athchóiriú uirthi i gcéimeanna. Athosclaíodh an stráice deireanach idir Cuan Bhaile Uí Bhranagáin agus Caladh Richmond in 2010.
- Ainmníodh an tSlí Ríoga ina Slí Shlímharcáilte Náisiúnta agus tá siúlta áille tuaithe uirthi.
- Tá sárchoinníollacha slatiascaireachta feadh na canála do shlatiascairí de gach cumas.



## Gníomhaíocht

Athosclaíodh an chuid dheireanach den Chanáil Ríoga in 2010. Déan roinnt taighde ar na hoibreacha athchóirithe a rinneadh ar na codanna éagsúla den chanáil. Cuir do chuid torthaí faoi bhráid an ranga.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Cén bhliain inar bunaíodh Cuideachta Chanáil na Midhe?
2. Cérbh é an costas iomlán a bhain leis an gCanáil Ríoga a chríochnú a fhad leis an tSionainn agus cathain a cuireadh i gcrích í?
3. Cérbh iad an meántonnáiste agus meánlíon na bpaisinéirí sna 1830idí?
4. Ainmnigh an bád deireanach a bhfuil taifead uirthi ag dul tríd an gcanáil agus cathain a rinneadh an turas seo?
5. Cé mhéad bliain a bhí an chanáil dúnta le haghaidh cúrsaí loingseoireachta sular osclaíodh í athuair sa Mhuileann gCearr?

# Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne

Nascann Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne dhá uiscebhealach mhóra ar an oileán le chéile – an tSionainn agus Córas na hÉirne. Athosclaíodh an t-uiscebhealach sa bhliain 1994 tar éis oibreacha athchóirithe agus tugann sé deis do dhaoine cuid den tír, nach bhfeiceann cuairteoirí go minic, a fheiceáil.




- Múráil
- Cúrsóirí/Báirsí ar Cíos
- Báid Lae ar Cíos
- Spórt Uisce
- Curacha/Cadhcanna/Báid Rotha ar Cíos
- Rothair ar Cíos
- Turais Bháid



Loc Choill an Chláir ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne

## Stair Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne

San ochtú haois déag atá tús leis an scéal maidir le conas a rinneadh uiscebhealach galánta, mar atá sé sa lá atá inniu ann, d'Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Caith súil ar an amlíne chun tuilleadh eolais a fháil!

**Tús**

**1780** – Rinneadh an chéad iarracht chun canáil a thógáil feadh na Graine, idir Béal Tairbirt agus Béal Átha Conaill

**1792** – Cuireadh marbhstad leis an obair seo de bharr deacrachtaí airgeadais

**1847** – Cuireadh na hoibreacha ar bun athuair a bhuíochas le cistiú Oifig na nOibreacha Poiblí

**1858** – An chéad bhád ar an gcanáil

**1860 to 1869** – Níor íocadh ach le haghaidh ocht mbád chun úsáid a bhaint as an uiscebhealach, ach measadh gur bhain daoine eile úsáid as gan íoc ar a shon

**1880idí** – Fágadh an chanáil ar oscailt go hoifigiúil, ach leagadh droichid ísle iarnróid trasna na canála ag an bpointe seo

**1881** – Dhearbhaigh iontaobhaí an uiscebhealaigh, John Grey Vesey Porter, go raibh an chanáil "ar cheann de na píosaí is náirí míbhainistíochta a tharla i dtír ar bith".

**1948** – Scoireadh iontaobhaithe loingseoireachta de bheith ag feidhmiú. As sin amach, ba bheag obair a rinneadh seachas oibreacha riachtanacha draenála

**1988** – Tugadh faoi staidéar féidearthachta maidir le hathchóiriú na canála

**1989** – D'fhógair an Taoiseach Cathal Ó hEochaidh go nglacfadh Rialtais an Tuaiscirt agus an Deiscirt leis an togra athchóirithe mar phríomhthionscadal Thuaidh-Theas

**1990** – Tosaíodh na hoibreacha athchóirithe i Samhain na bliana seo

**1994** – Osclaíodh an chanáil nua-athchóirithe don trácht arís. Eagraíodh an oscailt oifigiúil ag Loc Corraguil sa Tigh Mór i gContae Fhear Manach an 23 Bealtaine 1994

**1999** – Ghlac Uiscebhealaí Éireann an fhreagracht as bainistiú Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne

**Deireadh**

## Traidhfil Fírici:

# Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne

- Athosclaíodh Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne sa bhliain 1994 tar éis é a athchóiriú.
- Tá an t-uiscebhealach 63km ar fad agus nascann sé an tSionainn i sráidbhaile Liatroma agus Córas na hÉirne píosa beag ó thuaidh de Bhéal Tairbirt.
- Tá 16 loc ar an uiscebhealach.
- Oibrítear na loic le cárta cliste. Cuirtear an cárta isteach ag bun an chonsóil ag taobh an loic. Tugtar treoracha ansin don úsáideoir chun an loc a oibriú.
- Bíonn patrólaithe uiscebhealaigh ar fáil feadh an uiscebhealaigh agus is féidir glao gutháin a chur ar na má bhíonn cúnamh ag teastáil.
- Baintear úsáid as na cártaí cliste freisin chun rochtain a fháil ar na bloic sheirbhíse feadh an uiscebhealaigh. Tá léitheoirí cártaí sna bloic sheirbhíse a ligeann don úsáideoir líon na n-aonad atá fágtha ar an gcárta a sheiceáil.
- Baintear úsáid as méid áirithe aonad ar an gcárta cliste i ngach áis, e.g. Pas tríd an Loc = 1 aonad, Cith = 2 aonad, Meaisín níocháin = 5 aonad, etc.
- Is féidir cártaí cliste a cheannach i mórán asraonta feadh an uiscebhealaigh agus is féidir cárta ar a bhfuil 10 n-aonad nó 20 aonad a fháil.
- Cruthaíonn Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne rochtain ar fhód den tí nach bhfuil feicthe ag mórán daoine. Cruthaíonn sé rochtain éasca ar an tSionainn agus ar Chóras na hÉirne leis.

## Gníomhaíocht

Uathchóras é Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne a bhaineann leas as cártaí cliste. Déan an oiread aonaid chárta chliste a thógfadh sé ar bheirt chun an t-uiscebhealach a thaisteal ó thús go deireadh, a oibriú amach. Lig faoi choinne sosa i mBéal an Átha Móir chun an meaisín níocháin agus an cithfholcadán a úsáid.


## Tráth na gCeisteanna!

1. Cén bhliain ina ndearnadh iarracht den chéad uair chun canáil a thógáil?
2. Cathain agus cá háit ar bhain an chéad bhád leas as an gcanáil?
3. Cad a chuir as go mór don iontaobhaí, John Grey Vesey Porter, sa bhliain 1881?
4. Cén fhógairt mhór a rinneadh i 1989?
5. Cathain a athosclaíodh Uiscebhealach nua-athchóirithe na Sionainne-na hÉirne don trácht?



# Uiscebhealach na Sionainne

Is í an tSionainn an abhainn is faide in Éirinn. Tá uiscí cúrsála ar an abhainn seo agus ar a cuid lochanna, idir chuanta gnóthacha agus bhánna síochánta. Tá meascán iontach den oidhreacht nádúrtha agus de láithreacha stairiúla le fáil feadh an uiscebhealaigh seo.



Cúrsáil ar Loch Cé




- Múráil
- Cúrsóirí/Báirsí ar Cíos
- Báid Lae ar Cíos
- Spórt Uisce
- Curacha/Cadhcanna/Báid Rotha ar Cíos
- Rothair ar Cíos
- Turais Bháid

## Stair Uiscebhealach na Sionainne

Gabhann an-stair leis an tSionainn a théann siar a fhad leis an Oighearaois. Chuir na Lochlannaigh fúthu sa réigiún sa 10ú haois. Tá an dúrud scéalta ag baint leis an tSionainn mhórga siar trí na céadta. Lúb do bhealach tríd an amlíne thíos chun níos mó eolais a fháil i dtaobh na Sionainne mar uiscebhealach!

**Tús**

**1755**
Rinneadh an chéad mhóriarracht chun an t-uiscebhealach a fheabhsú. Cuireadh tús leis an obair idir Loch Deirgeirt agus Loch Rí; tógadh loic agus canálacha cliathánacha.

**1757**
Cuireadh William Ockenden i gceannas ar na hoibreacha feabhsúcháin ar an tSionainn Íochtair idir Cill Dá Lua agus Luimneach. Chaith sé £12,000 sna ceithre bliana ina dhiaidh sin ach theip air an obair a chríochnú.

**1771**
Tosaíodh canáil chliathánach a bhí cúig mhíle ar fad agus ina raibh sé loc ach tháinig deacrachtaí airgeadais aníos ansin.

**1791**
Tá William Chapman, mar Chomhairleoir, freagrach as atógáil mhóramh na loc de thoradh gur tógadh iad de réir toisí difriúla.

**1799**
Osclaíodh Uiscebhealach na Sionainne faoi dheireadh. Iompraíodh arbhar, sclátaí agus móin ar an uiscebhealach.

**1810**
Bhíothas ag druidim le hoscailt na Canálach Móire agus, mar sin de, cuireadh oibreacha deisiúcháin i gcrích le ligean do bháid a bhí ag tarraingt 5’9” dul ó Bhaile Átha Luain go Cill Dá Lua.

**1814**
Cuireadh oibreacha feabhsúcháin i gcrích ar na codanna ísle den uiscebhealach.

**1817**
Tugadh an Chanáil Ríoga chun críche. Dá bhrí sin, bhí an-bhrú le sonrú chun an t-uiscebhealach ó thuaidh ó Loch Rí a chur chun feabhais. Mar gheall air sin, deisíodh Canáil Bhaile Shéamais agus tógadh calafoirt.

**1820**
Dhear John Killaly an chanáil idir Béal Átha an Chatha agus Loch Aillionn. Osclaíodh í sa bhliain seo.

**1831**
Tháinig méadú mór ar chúrsaí trádála de thoradh thabhairt isteach na ngaltán rotha a d’iompair paisinéirí agus earraí. B’ionann líon na bpaisinéirí agus 14,600 agus b’ionann an líon lasta agus 36,000 tonna.

**1849**
Osclaíodh iarnród idir Baile Átha Cliath agus Luimneach agus tháinig laghdú mór ar líon na bpaisinéirí dá bharr. Laghdaíodh an lasta a d’iompraítí faoi leath freisin.

**1860idí**
Bhí fíor-dhrochthuile ann go luath sna 1860idí. Theip ar oibreacha chun na fadhbanna tuile a réiteach.

**1920idí**
Tógadh Stáisiún Cumhachta Ard na Croise ar an tSionainn Íochtair gar do Chill Dá Lua. Suiteáladh loc dúbailte i gcomhair loingseoireachta.

**1957**
Leanadh de thitim na trádála ar an tSionainn

**1959**
Ba bheag trádáil a bhí ar an tSionainn ansin.

**1974**
Tharraing Córas Iompair Éireann (CIÉ) a seirbhís phaisinéara siar.

**1990**
Ritheadh Acht Uiscebhealach na Sionainne, rud a thug an chumhacht d’Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) fodhlíthe nua a thabhairt isteach

**1993**
Aistríodh an fhreagracht as Uiscebhealach na Sionainne ó Oifig na nOibreacha Poiblí chuig an Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta.

**1997**
Aistríodh an fhreagracht as Uiscebhealach na Sionainne chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

**1999**
Bunaíodh Uiscebhealaí Éireann agus aistríodh Uiscebhealach na Sionainne agus roinnt uiscebhealaí intíre inseolta eile chucu.

**Deireadh**

# Oscail amach é i gcomhair Amlíne Uiscebhealach na Sionainne

## Traidhfil Fírici: Sionainne Uiscebhealach

- Is í an tSionainn an abhainn is faide in Éirinn. Ritheann sí ar feadh 215km idir Loch Aillionn agus an fharraige i Luimneach.
- Go traidisiúnta, is fearr aithne ar fhoinse na habhann mar "Log na Sionna". Faightear é ar fhánaí Bhinn Chuilceach i gContae an Chabháin.
- Osclaíodh codanna nua d'uiscebhealach inseolta le blianta beaga anuas ar nós na Suca i mBéal Átha na Sluaighe i gContae na Gaillimhe agus idir Loch Cé agus Mainistir na Búille i gContae Ros Comáin.
- Tá seacht loc ar an tSionainn agus is loc dúbailte ceann amháin acu ag Stáisiún Cumhachta Hidrileictrí Ard na Croise.
- Tá trí dhroichead inaistrithe ar an abhainn. Tá siad seo suite i Rúscaigh, i dTearmann Bearaigh agus i bPort Omna.
- Tá an tSuca 16km ar fad agus tá loc amháin le dul tríd.
- Tá Canáil Loch Aillionn 7km ar fad agus tá trí loc le dul tríd.
- Oibríonn coimeádaí loic na loic agus na droichid inaistrithe uile ar Uiscebhealach na Sionainne.
- Is féidir glao gutháin a chur ar na coimeádaithe loic má bhíonn cúnamh ag teastáil.
- Cosnaíonn sé €1.50 dul trí loc nó droichead inaistrithe ar an tSionainn.
- Baintear úsáid as cártaí cliste chun rochtain a fháil ar na bloic sheirbhíse, i.e. seomra cithfholctha, leithris, neachtlann, etc.
- Bhí an tSionainn ina móruiscebhealach tráchtála tráth dá raibh agus bhí calafoirt ghnóthacha uirthi. Bíonn sí fós gnóthach sa lá inniu ach ó thaobh gníomhaíochtaí caitheamh aimsire de.



## Gníomhaíocht

Tá trí dhroichead inaistrithe ar Uiscebhealach na Sionainne. Déan roinnt taighde ar na droichid seo chun iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus cuir do chuid torthaí faoi bhráid an ranga.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Cén bhliain ina ndearnadh iarracht den chéad uair cúrsaí loingseoireachta a fheabhsú ar an tSionainn?
2. Cathain a osclaíodh an t-uiscebhealach agus cén lasta a iompraíodh ar an abhainn an t-am úd?
3. Cérbh é líon na bpaisinéirí agus líon an lasta sa bhliain 1831 agus cad a chuir leis na figiúirí seo?
4. Cén mórimeacht a tharla sa bhliain 1959?
5. Cén cineál acmhainne a bhfuil an tSionainn ag freastal uirthi sa lá atá inniu ann?

# An Oidhreacht Snámha ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

Tá an-oidhreacht snámha ag baint le huiscebhealaí intíre na hÉireann. Is iomaí scéal ann a léiríonn stair uathúil shuntasach na mbád seo. Tá an dá bhád oidhreachta a leanas, an 45M agus an Blackthorn, a feidhmíodh ar na huiscebhealaí, fós á n-úsáid sa lá atá inniu ann.

## Bád Oidhreachta 45M

Thóg Vickers (Éire) Teoranta 45M i 1928 agus d'oibrigh sí ar feadh 17 mbliana sular bháigh sí i Loch Dearg i mí na Nollag 1946 agus bádh triúr dá criú.

D'oibrigh sí mar Bhád Hack, ar fho-léas ag Tom Moore as Ceatharlach, ar feadh timpeall dhá bhliain le linn na "héigeandála", bhí sí á húsáid chun siúcra agus earraí ginearálta a iompar idir Ceatharlach agus Baile Átha Cliath. Úsáideadh chomh maith í do lastas móna chuig an gcathair.

I mí na Samhna 1946 ba é Christy "Copper" Cross an Captaen agus Jack Boland á tiomáint agus Tony Brien ina chúntóir deice. D'fhág siad Baile Átha Cliath le lastas pórtair do Luimneach. Bhí athair "Copper" an-tinn agus nuair a tháinig siad chomh fada le 61M i mBaile Ló, bhabhtáil sé poist le "Red" Ned Boland ar feadh seachtaine chun go bhféadfadh sé bheith gar do bhaile.



45M tar éis a hardú i 1976

Ar maidin Dé Domhnaigh an 1 Nollaig, thaisteal 45M síos an loch ó Phort Omna i dtreo Chill Dalua. Trasna ó Phointe Parkers, bhuail gála a bhí ag dul trasna an locha 45M. Bhog an lastas mar gheall ar an ngaoth ard. Stróic an téad tarraingthe agus tháinig tonnta isteach ar an deic, d'iompaigh an báirse agus bádh an bád.

Nuair a bádh í, cailleadh "Red" Ned Boland, Jack Boland agus Jimmy McGrath (a bhí ag uige). Shnámh Tony Brien ón mbád agus ba é an t-aon duine é a tháinig slán.

D'fhan 45M ansin ar feadh 29 bliain ag íochtar Loch Dearg. I 1975, tar éis í a cheannach ó CIE ar £20, d'ardaigh Donnacha Kennedy 45M ón áit a raibh sí in 80 troigh d'uisce. Nuair a tugadh aníos í, bhí riocht ghinearálta na cabhlach i bhfad níos fearr ná a bhí siad ag súil leis le screamh tanaí aoil uirthi agus nuair a baineadh di é sin bhí an phéint bhunaidh le feiceáil.

I Márta 1976 díoladh 45M le David Coote. Tar éis é a athchóiriú, rinne sé a chéad turas i 1980. I lár na 80idí, thaisteal sí ar ais chuig Loch Dearg chuig a múrálacha reatha in aice le Cill Dalua. Thaisteal sí idir Loch Dearg agus an Chanáil Ríoga sna blianta ó shin. Tá 45M cáiliúil ar fud an domhain de bharr chlár Waterways 1991 le Dick Warner, nuair a d'iompar sí lastas brící, criostail agus leanna dhuibh ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach.

## Criú san áireamh


Ba é Dan Logan an chéad chaptaen a bhí uirthi. I mí Eanáir 1939, tháinig Joe Connolly ag obair ar 45M mar ghréisceoir ag Caladh na Sionainne, ag an am bhí Mick "Oilhat" Connolly mar chaptaen, Tom "Nanny" Lyons mar fhear deice agus Paddy "Smythy" Dunne mar fhear innill ina gcriú uirthi. D'fheidhmigh Tom Moore as Ceatharlach agus a bheirt deartháireacha Eddie agus Jack 45M mar Bhád Hack.

## Sonraí Teicniúla:

| | |
|---|---|
| **Uimhir Chláraithe:** | 45M |
| **Tógtha ag:** | Vickers (Éire) Tta |
| **Bliain:** | 1928 |
| **Tógáil:** | Cruach Sheamaithe |
| **Fad:** | 61' 6" |
| **Bíoma:** | 13' 2" |
| **Pá-lasta:** | 62 Tona |
| **Tarraingt:** | 4' 6" |
| **Meáite:** | Cill Dalua 1928 |
| **Inneall:** | Bolinder Cineál E 15Hp |



Ar Loch Dearg ag dul chuig an Scairbh (Lúnasa 2004)




An 45M ar an gCanáil Mhór i mBaile Átha Cliath

## Gníomhaíocht

Cad is brí leis na téarmaí, 'fad', 'bíoma' agus 'tarraingt'? Cén chaoi a mbeadh tionchar acu ar do chinneadh maidir le huiscebhealaí áirithe a sheoladh, e.g. droichid ísle, loic chaola, etc.? Cuir do chuid torthaí faoi bhráid an ranga.

## Bád Oidhreachta **Blackthorn**

Tá Blackthorn ar cheann den iliomad bád breosla tapa 45 troigh a thóg Vosper Tta in Southampton ó 1938 go 1944. Úsáideadh na báid seo chun báid aeir a athbhreoslú agus aire a thabhairt do bháid mhara eile le linn an Dara Chogadh Domhanda. Bhí Blackthorn lonnaithe i gCaisleán Archdale agus d'úsáid an RAF í ar Loch Éirne Íochtair. Agus gach umar gabhála líonta go hiomlán, d'fhéadfadh sí 2,500 galún de bhreosla eitlíochta agus 200 galún d'ola innill a iompar.

Tar éis an chogaidh, díoladh Blackthorn leis an Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann agus úsáideadh ar Loch nEathach í. Níltear cinnte cé chomh fada is a chaith sí ar Loch nEathach ná chomh fada is a bhí sí suite ar an gCanáil Mhór sular cheannaigh Mick agus Fran Clinton í i mBealtaine 1985. Fuair muintir Clinton eolas ar dhá chomhlong ar an tSionainn, Hawthorn Eamon Egan agus Whitethorn Tim Keane agus theastaigh uathu an ceann seo a chur lena gcabhlach mar gheall ar an ainm 'Blackthorn'.



Bád Oidhreachta Blackthorn agus í athchóirithe

Rinne sí a chéad turas chuig an tSionainn agus ar ais go Collchoill i mBealtaine 1986. D'fhonn réiteach don turas, bhí gá le seiftithe speisialtóra cosúil le slabhra crochadáin chótaí idir an suíomh stiúrtha agus an giarbhosca le cur ar chumas an chaptaen ar aghaidh agus ar chúl a roghnú! Bhí seomraí an chriú an-bhunúsach, ní raibh iontu ach leabaí campa agus málaí codlata do chóiríocht beirt daoine fásta, beirt leanaí agus madra. Ní raibh mórán nithe só ar fáil agus ní raibh cócaireán acu go dtí gur shroich siad Tulach Mhór. Tá cuimhní maithe ón turas seo de bháisteach gan stad, forstruchtúr silteach, spot-táite gan fuinneoga agus níos mó málaí plaisteacha ná a d'fhéadfaí a chomhaireamh. Ach ba theistiméireacht don chriú agus don bhád beag a bhí ann.

I 1994 tar éis cupán a bhuachan ag Railí Bhaile Átha Cliath, bhí Blackthorn ar cheann de chúig cúrsóir (Ringsend Raiders) a rinne an chéad turas éachtach ón Rinn i mBaile Átha Cliath chuig Béal Leice i gContae Fhear Manach trí uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne a bhí nua-athoscailte. Rinne siad an turas deacair le dul ar ais chuig an áit ar fhreastail sí ar an RAF ar a comóradh 50 bliain.

### Sonraí Teicniúla:

| | |
|---|---|
| **Tógtha ag:** | Vosper Tta |
| **Bliain:** | Iúil 1944 |
| **Fad:** | 45 troigh |
| **Bíoma:** | 10 dtroithe |
| **Doimhneacht snámha:** | 2 throigh 9 n-orlaí |
| **Inneall agus Giarbhosca:** | Ford Thames Trader Diesel, arna mhuiriú ag Parsons<br>Barracuda, Giarbhosca Parsons le laghdú 2:1 |
| **Cumas Lódáilte:** | 2,900 Galún |

## Gníomhaíocht


Déan taighde ar bháid eile oidhreachta agus cruthaigh do Bhalla Oidhreacht Snámha féin sa seomra ranga. Faigh amach cén úsáid a baineadh as na báid seo.

# Loic agus Droichid ar Uiscebhealaí Intíre na hÉireann

Is iomaí droichid dhobhogtha agus droichid shobhogtha ar uiscebhealaí intíre na hÉireann agus tá an t-uafás cineálacha loic ann freisin agus tú i mbun turais ar na huiscebhealaí éagsúla. Caithfimid súil ar na loic agus ar na droichid seo chun breis eolais a fháil fúthu!

**Creid é nó ná creid!**

**Bíonn loic ar méid agus ar doimhneacht éagsúil, e.g. 36 méadar é fad loic ar Chóras na hÉirne agus 1.2 méadar ar doimhneacht. Is é 29.5 méadar fad loic ar Uiscebhealach na Sionainne agus tá sé 1.35 méadar ar doimhneacht.**



Loc Dhroim Seanbhó
Tá Loc Dhroim Seanbhó ar Loch Aillionn i gContae Liatroma. Loc hiodrálach a oibríonn coimeádaí loic é



Loc Bhéal an Átha Móir
Loc hiodrálach é an loc seo atá suite ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne. Oibríonn úsáideoirí báid é trí leas a bhaint as cárta cliste

**Creid é nó ná creid!**

**Oibrítear na loic ar Uiscebhealach na Sionainne agus ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne go hiodrálach agus oibrítear na loic sna huiscebhealaí eile de láimh.**



An 30ú Loc ar an gCanáil Mhór
Oibrítear an 30ú loc ar an gCanáil Mhór de láimh trí úsáid a bhaint as eochair loic

**Creid é nó ná creid!**

**Is éard is loc ann gléas chun báid a ardú agus a ísliú idir stráicí uisce a bhíonn ar leibhéal difriúil ar uiscebhealaí abhann agus canála.**



Eas Craoibhe
Tá an loc seo suite ar Uiscebhealach íochtar na Banna i gCúil Raithin agus oibríonn coimeádaí loic é de láimh

## Gníomhaíocht

Eagraigh cuairt ar an loc is cóngarach duit agus faigh an fhaisnéis a leanas amach:

a. Cad é ainm an loic?

b. An loc láimhe nó loc uathoibrithe é?

c. Cé chomh sean agus atá sé?

d. Cad é an t-am is gnóthaí don loc agus cad is cúis leis seo?

e. Cé mhéad bád a théann tríd an loc i rith na tréimhse gnóthaí?



**Droichead Ardaithe Mhainistir Eimhín**
Tá an droichead seo ar Líne na Bearú den Chanáil Mhór i gContae Chill Dara agus oibríonn coimeádaí loic é go huathoibríoch.

### Creid é nó ná creid!

**Déantús cruach iad formhór na ndroichead inaistrithe, seachas Droichead Bhoignigh ar an gCanáil Ríoga atá ina dhroichead coincréite. Oibrítear na droichid inaistrithe go hiodrálach.**



**Droichead na Sionainne**
Droichead bóthair saoirseachta é seo ina bhfuil sé stua dhéag atá suite i nDroichead na Sionainne ar Uiscebhealach na Sionainne. Nascann sé Contae Ros Comáin le Contae Uíbh Fhailí.

### Creid é nó ná creid!


**Tógadh na bundroichid chanála, atá thart faoi 200 bliain d'aois, le hábhair shaoirseachta.**



**Tearmann Bearaigh**
Droichead ardaithe ingearach é seo ar Uiscebhealach na Sionainne. Nascann sé Contae Ros Comáin le Contae Longfoirt. Oibríonn coimeádaí loic é go huathoibríoch.

### Creid é nó ná creid!

**Tá bóithre ar an gcuid is mó de na droichid a théann thar na huiscebhealaí, ach is uiscerianta cuid acu a iompraíonn an chanáil thar bhóithre nó aibhneacha. Iompraíonn cuid de na droichid iarnróid thar an uiscebhealach.**



**Uiscerian Whitworth**
Droichead stua saoirseachta lena mbaineann ilréise é seo a thógann an Chanáil Ríoga thar an Eithne i gContae an Longfoirt.

### Creid é nó ná creid!

**Baineadh leas as ábhair nua thógála, cruach agus coincréit go príomha, chun na droichid uile a thógáil le céad bliain anuas.**

## Gníomhaíocht

Pioc droichead amháin ar cheann de na córais uiscebhealaigh ar fhoghlaim tú fúthu. Téigh i ngrúpaí beaga agus bain leas as ciclipéid nó as an Idirlíon chun tuairim a fháil amach faoi conas a tógadh an droichead seo. Cuir an fhaisnéis seo a leanas san áireamh:

a. Cén fáth ar tógadh an droichead?
b. Cé chomh fada a thóg sé é a chríochnú?
c. Cé na hábhair agus an trealamh a úsáideadh?
d. An bhfuil úsáid á baint as an droichead sa lá atá inniu ann?

# Agallamh le Coimeádaí Loic

Cuireadh an t-agallamh a leanas ar Jim Butler, atá ina choimeádaí loic ar Uiscebhealach na Bearú, i gcló nuachtlitir Uiscebhealaí Éireann Water Matters. Leigh an t-alt agus freagair na ceisteanna a leanann.

Water Matters

## Coimeádaí Loic ar Uiscebhealach na Bearú

**"Jim Butler"**




Stráice den Bhearú é Uiscebhealach na Bearú idir Baile Átha Í i gContae Chill Dara agus Tigh Moling i gContae Cheatharlach. Ar an taobh thuaidh de Bhaile Átha Í, nascann Líne na Bearú den Chanáil Mhór Uiscebhealach na Bearú le príomhlíne na Canálach Móire ag Baile Ló i gContae Chill Dara. Trasnaíonn an Chanáil Mhór an tír ón bpointe sin siar a fhad leis an tSionainn, an chnámh droma de ghréasáin uiscebhealaí intíre na hÉireann, agus soir go cathair Bhaile Átha Cliath.

Tá Jim Butler ar cheann de na coimeádaithe loic a oibríonn ar Uiscebhealach na Bearú. Déanann Jim patról ar na loic idir Baile Uí Chianáin agus Tigh Moling. Is é Loc Bhaile Uí Chianáin an loc is caoile agus is doimhne ar Uiscebhealach na Bearú agus is é an t-aon cheann ina bhfuil seomra dúbailte. Is taoidmhear an abhainn ó dheas ó Thigh Moling agus ní cheadaítear árthaí ar cíos dul tríd an loc seo. Is é Tigh Moling an loc deireanach ar an gcóras agus is é an pointe is faide ó dheas ar an uiscebhealach é. Chomh maith leis na loic seo, bíonn Jim i bhfeighil Loc Thigh na hInse Uachtarach, Loc Thigh na hInse Íochtarach agus Loc Carriglead. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé loc faoina chúram, lena n-áirítear an loc dúbailte. Oibrítear na loic seo uile de láimh amhail mar a oibríodh iad le dhá chéad bliain anuas.

D'inis Jim dom go raibh muintir de Buitléir ann sula raibh an t-uiscebhealach féin. Tháinig ríshliocht de Buitléir anall ó Shasana agus ón Normainn. Tá coimeád loic ina thraidisiún teaghlaigh le naoi nglúin anuas. D'oibrigh sinsearaigh Jim ar na loic nuair a bhí báid faoi tharraingt capall mar nós na linne sin. Bhí gairmeacha beatha éagsúla acu, macasamhail bainisteoirí iompair stórais agus gníomhairí canála (nuair a bhí earraí le seoladh ag báirse feadh na habhann, sheiceáladh na gníomhairí na hearraí uile agus chinntídís go mbíodh gach rud i gceart le haghaidh na gceannaithe áitiúla sa bhaile). Ina theannta sin, dhéanadh na gníomhairí canála maoirseacht ar na coimeádaithe loic le cinntiú go mbíodh na báid ag dul trí na loic go héifeachtúil. Dhéantaí na geataí loic le hadhmad amháin beagnach an t-am úd. Déantar iad le cruach den chuid is mó sa lá atá inniu ann.

Baineann an-éagsúlacht le hobair coimeádaí loic. Amach ó rialú leibhéil na huisce, cuireann Jim na báid éagsúla tríd an loc, scríobhann sé ceadanna báid faoi choinne na mbád seo agus cuireann sé caoi ar an loc é féin. Is éard a bhíonn i gceist leis seo gearradh an fhéir thart faoi na loic agus na háiteanna mórthimpeall orthu, péinteáil na loc, glanadh na saoirseachta, etc. Tá limistéar 34km le clúdach ag Jim ar Uiscebhealach na Bearú. Tá baint aige le forfheidhmiú fodhlíthe freisin (foghlacha, e.g. feithiclí eallaigh etc.) San áireamh san obair a dhéanann Jim ar an mBearú tá cigireacht ar na coraí, rud atá an-tábhachtach mar má bhriseann cora, rithfidh an t-uisce ar shiúl agus ní bheifear in ann dul i mbun loingseoireachta. Tá bealaí bradán ar an mBearú agus baineann curachóirí úsáid astu chun dul trí na fánsruthanna.

Is breá le Jim cuid eile dá phost freisin – is aoibhinn leis caidreamh a dhéanamh le gach duine a bhaineann úsáid as an gcanáil, lena n-áirítear iascairí, lucht báid, curachóirí agus siúlóirí, agus is ansa leis nádúr na canála féin leis chomh maith.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Déanann Jim Butler patról ar na loic idir Baile Uí Chianáin agus Tigh Moling. Bain leas as an léarscáil d'Uiscebhealach na Bearú chun ainmneacha na loc uile ina n-oibríonn Jim a fháil. ____________________

2. Ainmnigh an loc is doimhne agus is caoile ar an mBearú agus cén fáth nach ionann é agus na loic eile ar an uiscebhealach? ____________________

3. Cén fáth nach bhfuil cead ag árthaí ar cíos dul tríd an loc ag Tigh Moling? ____________________

4. Cé chomh fada agus atá coimeád loic ina thraidisiún i measc mhuintir de Buitléir? ____________________

5. Liostaigh trí dhualgas a chomhlíonann Jim agus é ina choimeádaí loic. ____________________

## Gníomhaíocht

Samhlaigh gur tuairisceoir thú atá ag oibriú sa nuachtán áitiúil. Scríobh alt dar teideal, 'Gnáthshaol Coimeádaí Loic'. Luaigh an méid seo a leanas san alt:

1. Ainm an choimeádaí loic agus ainm an loic
2. An t-uiscebhealach ar a bhfuil an loc
3. Líon na loc a ndéanann an coimeádaí loic patról orthu
4. Stair theaghlaigh ar bith a bhaineann leis na huiscebhealaí



# Cé mhéad atá ar eolas agat faoi na hUiscebhealaí?

Tabhair faoi na gníomhaíochtaí a leanas trí leas a bhaint as an bhfaisnéis a d'fhoghlaim tú faoi na huiscebhealaí intíre atá faoi chúram Uiscebhealaí Éireann.

## Tráth na gCeisteanna!

1. Ainmnigh an abhainn is faide in Éirinn?____________________
2. Conas a oibrítear na loic sna huiscebhealaí a leanas:
   An Chanáil Mhór ____________________
   Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne____________________
   Uiscebhealach na Sionainne____________________
3. Ainmnigh an t-uiscebhealach a athosclaíodh in 2010 tar éis oibreacha athchóirithe a chur i gcrích____________________
4. Cén t-uiscebhealach a bhfuil clú agus cáil air mar gheall ar an stoc breac rua atá ann?_____
   An féidir leat an chuid den abhainn a ainmniú a bhfuil baint aici leis an stoc breac rua?_____
5. Cén t-uiscebhealach nach bhfuil ann ach loc amháin?____________________
   Céard atá neamhghnách faoin loc seo?____________________
6. Ainmnigh an t-uiscebhealach ina bhfuil feidhm le criosú?____________________

## Fíue or Bréagach

1. Is í Loch Rí ar an tSionainn an áit a dtagann contaetha an Longfoirt, na hIarmhí agus Ros Comáin le chéile____________________
2. Oibrítear na loic ar an mBearú le cárta cliste____________________
3. Ritheann Íochtar na Banna isteach i Loch Aillionn ____________________
4. Téann an Chanáil Mhór le lúba trí Mhóin Alúine ____________________
5. An Íochtarach naisc Banna Corás na hÉirne le Loingseoireacht na Sionainne__________
6. Tá na bailte a leanas suite feadh na Canálach Ríoga: Tulach Mhór, Béal Leice, agus Béal Átha na Sluaighe____________________
7. Tá sé loc déag ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne a nascann dhá cheann de na móraibhneacha in Éirinn lena chéile, an tSionainn agus an Éirne ____________________
8. Ba í an Chanáil Mhór ab ábhar le rath Grúdlann Guinness. Gan an Chanáil, tá seans ann nach sroichfeadh an leann dubh cáiliúil a raibh taobh thiar de theorainneacha Bhaile Átha Cliath ____________________
9. Éiríonn an tSionainn i mBinn Chuilceach ____________________
10. Tá Clochán an Aifir suite gar don Bhearú aoibhinn____________________

## Cuardach Focal na nUiscebhealaí

Sa chuardach focal thíos tá ainmneacha na huiscedhealaí intíre faoi bhainistiú Uiscebhealaí Éireann, mar aon leis na téarmaí agus na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na huiscebhealaí. Déan iarracht na 20 ceann uile a aimsiú! Tá an chéad cheann déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ~~Córas na hÉirne~~ | Sionainne-na hÉirne | Foinse | Seoltóireacht |
| An tSionainn | An Bhearú | Béal | Iascaireacht |
| An Chanáil Ríoga | Lúb | Inbhear | Curachóireacht |
| Íochtar na Banna | Cumar | Cainéal | Cadhcáil |
| An Chanáil Mhór | Craobh-abhainn | Cúrsáil | Uisce-sciáil |

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E | Q | T | T | C | W | N | C | X | K | D | N | J | A | A | C | L |
| S | N | B | H | W | A | A | F | C | N | N | Z | N | Q | G | Ó | I |
| C | B | R | C | C | I | D | W | F | I | S | N | I | A | O | R | Á |
| F | U | Q | I | N | A | L | H | A | X | A | B | N | K | Í | A | I |
| Z | O | R | É | É | A | E | N | C | B | H | C | B | L | R | S | C |
| T | T | A | A | É | H | O | R | A | Á | H | L | H | R | L | N | S |
| E | L | Z | B | C | I | A | N | I | A | I | M | E | A | I | A | E |
| Y | S | A | A | S | H | R | N | N | A | H | L | A | M | Á | H | C |
| S | A | N | T | B | A | Ó | Á | E | D | C | L | R | U | N | É | S |
| H | E | N | I | T | C | I | I | Z | N | Z | S | O | C | A | I | I |
| Y | A | V | H | O | L | I | B | R | G | N | O | A | N | H | R | U |
| L | I | C | F | M | F | I | E | S | E | D | I | G | I | C | N | I |
| V | O | I | H | L | Y | U | J | C | Q | A | I | A | V | N | E | D |
| Í | P | Ó | A | N | B | H | E | A | R | Ú | C | J | N | A | Z | C |
| X | R | L | I | Á | S | R | Ú | C | A | M | L | H | O | O | I | Y |
| T | H | C | A | E | R | I | Ó | T | L | O | E | S | T | Y | I | M |
| C | R | A | O | B | H | A | B | H | A | I | N | N | L | Ú | B | S |

# Bileog Oibre 1

## Staidéar ar Abhainn

**Freagair na ceisteanna seo agus tú ag gluaiseacht feadh bhruach na habhann**

**1.** Cén t-ainm atá ar an abhainn?

**2.** Cá bhfuil a foinse?

**3.** Cá bhfuil a béal?

**4.** An bhfuil tú níos cóngaraí don fhoinse, don lár nó don bhéal?

**5.** Cén t-ainm atá ar an gcumar is cóngaraí?


**6.** Cad é an baile is cóngaraí don chuid seo den abhainn?

**7.** Conas a bhaintear úsáid as an abhainn?

**8.** An bhfuil an ceantar cothrom nó dronnlach?

**9.** Cén chuma atá ar an talamh? Cailceach, clochach, carraigeach, gainmheach, etc?

**10.** An bhfuil gnéithe abhann ar bith le feiceáil, e.g. lúba, creimeadh, etc.? Sceitseáil na cinn a chonaic tú.





# Bileog Oibre 1

## Staidéar ar Abhainn

**11.** An bhfuil aon fhianaise ar rialú na habhann ag daoine le feiceáil?

**12.** An bhfuil fiadhúlra ar bith le feiceáil? An bhfuil iontas ort faoin méid a chonaic tú?

**13.** An bhfuil baile déanta ag ainmhí ar bith ar bhruach na habhann?

**14.** Cé na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le fiadhúlra a mhaireann i mbaile nó i gcathair?

**15.** An bhfuil rian ar bith den truailliú le feiceáil?

**16.** Cén fáth a mbeadh sé contúirteach abhainn a thruailliú ag a foinse go háirithe?


**Breac síos nó línigh rud ar bith eile atá ina ábhar spéise.**

# Bileog Oibre 2

## Staidéar ar Chanáil

**Freagair na ceisteanna seo agus tú ag gluaiseacht feadh na canála.**

1. Cén t-ainm atá ar an gcanáil?
2. Cá bhfuil a foinse?
3. Cá bhfuil a béal?
4. An bhfuil tú níos cóngaraí don fhoinse, don lár nó don bhéal?
5. Cén t-ainm atá ar an gcumar is cóngaraí?
6. Cad é an baile is cóngaraí don chuid seo den chanáil?
7. Conas a bhaintear úsáid as an gcanáil?
8. An bhfuil an ceantar cothrom nó dronnlach?
9. Cén chuma atá ar an talamh? An bhfuil sí cailceach, clochach, carraigeach, gainmheach, etc?
10. An bhfuil gnéithe canála ar bith le feiceáil, e.g. lúba, creimeadh, etc.? Sceitseáil na cinn a chonaic tú.



# Bileog Oibre 2

## Staidéar ar Chanáil



**11.** An bhfuil aon fhianaise ar rialú na canála ag daoine le feiceáil?

**12.** An bhfuil fiadhúlra ar bith le feiceáil? An bhfuil iontas ort faoin méid a chonaic tú?


**13.** An bhfuil baile déanta ag ainmhí ar bith ar bhruach na canála?

**14.** Cé na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le fiadhúlra a mhaireann i mbaile nó i gcathair?

**15.** An bhfuil rian ar bith den truailliú le feiceáil?

**16.** Cén fáth a mbeadh sé contúirteach canáil a thruailliú ag a foinse go háirithe?

**Breac síos nó línigh rud ar bith eile atá ina ábhar spéise.**



# Notes

# Notes

## Buíochas

Cumann na mBád Oidhreachta

Scoileanna ag glacadh páirte sa Triailchlár

## Acmhainní Ar Líne Uiscebhealaí Éireann

www.waterwaysireland.org/elearning

## Foinsí & Leabharliosta

Cool Metal – Clear Water, *Heritage Boat Association*

Fine Lines – Clear Water, *Heritage Boat Association*

Guide to Ireland's Inland Waterways, *Waterways Ireland*

Guide to the Barrow, *Waterways Ireland & the Inland Waterways Association of Ireland (IWAI)*

Guide to the Grand Canal, *Waterways Ireland & the IWAI*

Guide to the Lower Bann, *Waterways Ireland & the IWAI*

Guide to the Royal Canal, *Waterways Ireland & the IWAI*


Ireland's Inland Waterways, Celebrating 300 Years, *Ruth Delany*

Ireland's Royal Canal 1789-2009, *Ruth Delany & Ian Bath*

The Shannon Navigation, *Ruth Delany*

## Aiseolas & Moltaí

Tá súil againn go mbainfidh tú sult as an bPacáiste Oideachais seo a úsáid. Ba mhór againn do chuid aiseolais a fháil le gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar an gclár oideachais. Má tá aon tuairimí nó aon mholtaí agat, déan teagmháil linn trí ríomhphost ag learning@waterwaysireland.org nó tríd an bpost ag Uiscebhealaí Éireann, Margaíocht & Cumarsáid, Teach Somerview, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma.





Uiscebhealaí Éireann
Waterways Ireland Watterweys Airlann

**An Rannóg Margaíochta agus Cumarsáide,**
Teach Somerview, Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath,
Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma.
Guthán: 00353 (0)71 96 50787
Ríomhphost: learning@waterwaysireland.org

**www.waterwaysireland.org**

Is féidir an bróisiúr seo a chur ar fáil i
bhformáidí inrochtana ach é a iarraidh